C/2024/3377

31.5.2024

Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Vótáil ar son Aontas Eorpach atá aontaithe, daonlathach, iomaíoch, inbhuanaithe agus sóisialta

(C/2024/3377)

Rapóirtéirí: **Christa SCHWENG** (Grúpa I)
Cinzia DEL RIO (Grúpa II)
Ioannis VARDAKASTANIS (Grúpa III)

Bunús dlí	Riail 52(4) de na Rialacha Nós Imeachta
	Rún
Dáta a ghlactha sa seisiún iomlánach	20.3.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	586
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	140/00/05

Vótáil ar son Aontas Eorpach atá aontaithe, daonlathach, iomaíoch, inbhuanaithe agus sóisialta

An oíche roimh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, táimid, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, a dhéanann ionadaíocht ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ag iarraidh oraibhse, saoránaigh an Aontais, leas a bhaint as do cheart daonlathach chun vótáil.

Is í Parlaimint na hEorpa an t-aon chomhlacht de chuid an Aontais a thoghtar go díreach, agus déanann sí comhchinneadh ar dhlíthe agus ar bhuiséad an Aontais. Déanann sí na Coimisinéirí Eorpach a cheapadh go comhpháirteach freisin.

Agus tú ag vótáil i mí an Mheithimh, beidh an deis agat, mar shaoránaigh den Aontas, feisirí Pharlaimint na hEorpa a thoghadh agus vótáil ar son lánpháirtiú níos láidre san Eoraip.

Tá an tAontas ag dul ó neart go neart.

Níl aon dabht go raibh deacrachtaí againn le tamall anuas, ach ní féidir le haon duine a shéanadh go bhfuil an tsíocháin, an daonlathas, rathúnas eacnamaíoch agus an dul chun cinn sóisialta ráthaithe ag an Aontas Eorpach do na Ballstáit agus do na saoránaigh.

A bhuí leis an Aontas, tá an tsaoirse againn oibriú, staidéar agus gnó a dhéanamh i dtíortha uile an Aontais.

Mar sin féin, tá dúshláin romhainn fós. Is iad na hábhair imní is mó atá againn ná an costas maireachtála agus boilsciú atá ag dul i méid, na cogaí ar leac an dorais, an imirce, an éigeandáil aeráide, agus an laghdú atá ag teacht ar an spás sibhialta.

Ní féidir le haon tír de chuid an Aontais aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ina n-aonar. Ní hiad an náisiúnachas, an pobalachas ná réitigh aonstáit an réiteach ar an bhfadhb. Is iad comhoibriú, comhar agus cóineasú an réiteach is fearr ar an bhfadhb sin.

Ní féidir linn dul chun cinn ceart a dhéanamh ar na saincheisteanna sin ach amháin trí **Aontas Eorpach atá aontaithe, daonlathach, iomaíoch, inbhuanaithe agus sóisialta**, agus trí na míchothromaíochtaí agus na héagsúlachtaí laistigh de thíortha agus i measc tíortha a aisiompú.

Tá an tAontas bunaithe ar luachanna coiteanna an daonlathais, ar chosaint chearta an duine, ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, ar an smacht reachta, ar an gcaoinfhulaingt, ar an gceartas, ar an neamh-idirdhealú, ar an gcomhionannas, ar an dlúthpháirtíocht agus ar an rannpháirtíocht dhaonlathach. Ní mór na luachanna sin a neartú agus a chosaint ar bhonn leanúnach. Caithfear an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chosc ar ais nó ar éigean.

Tá sé foghlamtha againn nach mbíonn an tsíocháin buan ach amháin sna geilleagair agus sna sochaithe ina bhfuil an comhtháthú críochach agus sóisialta, urraim do chearta bunúsacha agus an smacht reachta, agus ardchaighdeáin an cheartais shóisialta ina mbuntréithe iontu. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas a bheith ina ghníomhaí domhanda a bhfuil tionchar aige chun coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach, infheistíocht a dhéanamh san iltaobhachas agus síocháin bhuan a chothú.

Ní bheidh ach Aontas Eorpach láidir in ann a shamhail eacnamaíoch agus shóisialta a chothú trí shlándáil eacnamaíoch agus bia, iomaíochas domhanda agus an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a áirithiú — ar bhealach atá éifeachtach agus cothrom — ós rud é go ndéanfaidh siad athrú ó bhonn ar an gcaoi a mairimid, a tháirgimid, a n-oibrímid agus a n-ídímid.

Seasaimis le hAontas Eorpach a mbeidh GACH saoránach ina chroílár, lena gcuirfear deiseanna ar fáil do chách agus lena gcuirfear ar a gcumas a n-acmhainneacht a bhaint amach agus a rannpháirtíocht ghníomhach sa saol sibhialta a chur chun cinn, agus i bpróisis pholaitiúla náisiúnta agus Eorpacha.

Seasaimis ar son Aontas Eorpach méadaithe a chuirfidh ar ár gcumas maireachtáil i sochaí shíochánta oscailte, ina ndéantar an comhshaol a chosaint, ina n-urramaítear gach uile dhuine againn, agus ina n-aontaítear féiniúlacht Eorpach agus an iliomad cultúr againn.

Mar chomhaltaí de CESE, táimid ag obair i gcomhar le chéile ar mhaithe le hAontas a dhéanann ionchais agus riachtanais laethúla na saoránach, na n-oibrithe agus na ngnólachtaí araon a sheachadadh agus a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí.

Bímis i gcomhar le chéile agus caithimis vóta ar son Aontas Eorpach atá aontaithe, daonlathach, iomaíoch, inbhuanaithe agus sóisialta.

Tá tábhacht le do vóta.

An Bhruiséil, 20 Márta 2024.

An tUachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE